C/2026/4664

1.9.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4664)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Kraška panceta'

Uimhir thagartha AE: PGI-SI-0833-AM02 — 4.6.2026

1. **Ainm an táirge**

'Kraška panceta'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an tSlóivéin

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Teideal

An Aireacht Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Bhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Meastar gur leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe mar gheall ar an méid seo a leanas:

— níl i gceist leo athrú ar ainm an táisc gheografaigh ná ar úsáid an ainm sin,

— níl an baol ann go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní, agus

— níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

1. Athrú ar an gcóras teochta chun Kraška panceta aibí a stóráil

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

In ionad an ráitis ‘Stóráiltear na táirgí aibí sa dorchadas ag teocht idir 8 agus 10 °C’ i gCaibidil 8 den tSonraíocht, dar teideal ‘Bunúis theicneolaíocha choiteanna le haghaidh tháirgeadh Kraška panceta i bpíosaí’, cuireadh ‘Stóráiltear na táirgí aibí neamhchlúdaithe sa dorchadas ag teocht suas le 10 °C, agus stóráiltear na táirgí clúdaithe (folúsphacáilte) faoi chóras teochta suas le + 8 °C’.

Is é is cúis leis an leasú sin go meastar go bhfuil an córas teochta atá ann cheana chun Kraška panceta a stóráil míchuí tar éis amhras a chur in iúl ina leith i measúnuithe.

Nuair a chomhlíonann Kraška panceta aibí na coinníollacha forordaithe, bíonn sí folúsphacáilte ina hiomláine. Cuireann sé sin cosc ar aon triomú breise neamhriachtanach ar Kraška panceta. Stóráiltear Kraška panceta folúsphacáilte ag teocht suas le + 8 °C.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

2. Lipéadú Kraška panceta

Tuairisc

Scriostar an dara mír ‘Ní mór “Kraška panceta” a shainaithint freisin leis na focail “tásc geografach faoi chosaint” agus leis an tsiombail cháilíochta náisiúnta, chomh maith le siombail cháilíochta an Aontais a luaithe a bheidh cosaint faighte ar leibhéal an Aontais’ ina hiomláine ó Chaibidil 10 den tSonraíocht — Lipéadú Kraška panceta.

Cuireadh an dara mír nua isteach ‘Tá marc branda agus lógó ar fáil do tháirgeoirí ag an gcomhlachas.’.

Scriosadh an dara mír toisc nach bhfuil an t-ábhar ábhartha a thuilleadh. Tá an t-ábhar á rialú cheana féin ag rialacha an Aontais nó ag rialacha náisiúnta atá ann cheana. Cláraíodh Kraška panceta siar in 2012, agus dá bhrí sin tá feidhm ag Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le lipéadú. Rialaítear sainaithint leis an tsiombail cháilíochta náisiúnta leis an reachtaíocht náisiúnta, lena ndéantar foráil gur ar bhonn deonach a úsáidfear an lipéad cáilíochta náisiúnta.

Tá sé beartaithe leis an dara mír nua soiléiriú breise a thabhairt ar an áit ar féidir le táirgeoirí deimhnithe an marc branda agus an lógó a fháil.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Kraška panceta’

Uimhir thagartha AE: PGI-SI-0833-AM02 — 4.6.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Kraška panceta’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an tSlóivéin

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

16 -ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is táirge feola triomaithe traidisiúnta í Kraška panceta a bhfuil cruth dronuilleogach sainiúil uirthi. Is é 2,2 kg meáchan íosta an táirge deiridh. Déantar Kraška panceta a tháirgeadh as bagún trua. Ullmhaítear í lena triomú leis an gcraiceann agus gan easnacha. Cuireann an nós imeachta saillte thirim nach n-úsáideann ach salann sáile agus an triomú agus an t-aibiú gan cóireáil teasa le tréithe orgánaileipteacha na slisní tanaí. Tá an chuid thrua den panceta tirim agus teann agus fanann sí leaisteach go hiomchuí faoi bhrú. Tá na gearrthacha easnacha le feiceáil go soiléir. Tá an craiceann crua agus mín agus baintear é díreach sula n-itear é. De réir mar a aibíonn siad, tagann dath bándearg saintréitheach ar chodanna trua an panceta. Tá dath bán an uachtair ar an tsaill. Is éard atá i slisne den chuid is mó feoil thrua agus sraitheanna tanaí saille ag rith tríd. Áirítear go háirithe ar na tréithe orgánaileipteacha cuma sheachtrach slisne mhínghearrtha, nach mór a bheith bog ó thaobh uigeachta de. Ní mór an fheoil thrua agus an tsaill a bheith ceangailte go daingean le chéile. Ní mór dea-bholadh iomlán armónach agus blas milis, neamhshaillte a bheith ar an slisne. Ní bheidh an t-ábhar salainn níos mó ná 6 %, ní mór an méid triomaithe a bhaintear amach a bheith 33 % ar a laghad, ní bheidh gníomhaíocht an uisce níos mó ná 0,92, ní mór an cion próitéine a bheith 15 % ar a laghad agus ní mór an cion saille a bheith 36 % ar a laghad.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Roghnaítear bagún ó phórtha muc feolmhara chun 'Kraška panceta' a tháirgeadh. Tá an gearradh bagúin comhdhéanta de chuid den chliabhrach le naoi ngearradh easnacha infheicthe ar a laghad.

Tá an chuid fheolmhar den chliathán sa bhagún freisin. Is gnáthghearradh bagúin dhronuilleogaigh í 'Kraška panceta' atá idir 45 cm agus 55 cm ar fad agus idir 18 cm agus 24 cm ar leithead.

Is é 4 kg meáchan íosta an bhagúin úir a ghearrtar.

Lena thriomú, ullmhaítear an bagún leis an gcraiceann agus gan na heasnacha, agus na taobhanna gearrtha cothrom, agus níor cheart an fheoil thrua agus an craiceann a bheith loite.

Baintear an tsaill bhog ar an taobh istigh.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim i dtáirgeadh 'Kraška panceta' (roghnú amhábhar, sailleadh, triomú/aibiú) a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Díoltar 'Kraška panceta' a bhfuil tásc geografach faoi chosaint (TGFC) uirthi i bhfoirm píosaí iomlána nó leathphíosaí, brandáilte ar an gcraiceann ar an gcuid chúil le lógó 'Kraška panceta'. Chun feabhas a chur ar infhaighteacht do cheannaitheoirí (díolacháin delicatessen), féadfar an panceta a ghearradh ina phíosaí níos lú de mhéid aonfhoirmeach. Chun a tréithe orgánaileipteacha saintréitheacha, dath dearg saintréitheach na feola trua agus dath bán uachtarúil na saille bagúin a chaomhnú, tá maoirseacht theicneolaíoch mhionsonraithe ar phróiseas an ghearrtha agus an phacáistithe 'Kraška panceta' ríthábhachtach. Is féidir le teagmháil le haer, rud a fhágann go mbíonn an fheoil faoi réir próisis ocsaídiúcháin, cur isteach go mór ar cháilíocht an bhagúin. Ar an gcúis sin, ní fhéadfar 'Kraška panceta' a ghearradh agus a phacáistiú ar bhonn tráchtála ach amháin i saoráidí atá cláraithe chun 'Kraška panceta' a tháirgeadh. A bhuí leo sin, is féidir an táirge a phacáistiú láithreach, is féidir ocsaídiú de bharr nochtadh d'aer nó teochtaí míchuí a chosc agus is féidir sábháilteacht mhicribhitheolaíoch riachtanach inmhianaithe an táirge a áirithiú. Áirithítear leis an gcóras sin maoirseacht leanúnach, inrianaitheacht iomlán agus caomhnú shaintréithe tipiciúla 'Kraška panceta' atá ríthábhachtach don bharántúlacht agus do mhuinín na dtomhaltóirí.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Na táirgeoirí uile ar bronnadh deimhnithe comhréireachta orthu leis an tsonraíocht táirgthe, tá siad i dteideal a dtáirgí a mharcáil leis an ainm agus an lógó 'Kraška panceta'. Is éard atá sa lógó íomhá stílithe de bhagún ar a bhfuil an inscríbhinn 'Kraška panceta'. Cuirtear uimhir chlárúcháin an táirgeora (R) in aice leis an lógó. Tá úsáid an lógó éigeantach do gach cineál panceta a mhargaítear. Déantar an marc aitheantais a bhrandáil ar an gcraiceann freisin ar phíosaí iomlána nó leathphíosaí de panceta.

Tá marc branda agus lógó ar fáil do tháirgeoirí ag an gcomhlachas.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Déantar limistéar táirgeachta 'Kraška panceta' a theorannú le líne a théann ó Kostanjevica na Krasu go Opatje Selo, as sin go dtí an teorainn idir an tSlóivéin agus an Iodáil agus feadh na teorann sin go dtí trasnú teorann Lipica, as sin feadh an bhóthair go lonnaíocht Lokev, as sin feadh an bhóthair go Divača, as sin i líne dhíreach go sráidbhaile Vrabče agus ar aghaidh go Štjak, Selo, Krtinovica, Kobdilj, agus as sin i líne dhíreach trí Mali Dol go Škrbina i dtreo Lipa agus Temnica agus ar ais go Kostanjevica na Krasu. Is cuid den limistéar geografach iad na sráidbhailte thuasluaite uile.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas

☑ clú

☐ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile an táirge

Achoimre ar an nasc

Tá an Karst (Kras) ar cheann de na limistéir thírdhreacha is mó sa tSlóivéin. Is ardchlár droimneach aolchloiche é le gnáth-thír-raon Karst (gleannta, slogaidí, taobh-ghleannta, gáibéil agus uaimheanna faoi thalamh). Is saintréith den Karst í ithir aolchloiche; ar an bhfostratam sin cruthaíodh ithir dhearg cháiliúil réigiún Karst, ar a dtugtar 'terra rossa' go minic. Is beag ithir atá ar an dromchla, atá carraigeach den chuid is mó, cé go bhfásann féara, toim nó foraois thanaí i roinnt áiteanna.

Is é gaireacht na farraige an tionchar is mó ar an aeráid i réigiún Karst. Tagann aeráid shéimh na Meánmhara ar aer fuar ilchríochach. Tá luascadh teochta coitianta i réigiún Karst, áit a bhfuil insreabhadh d'aer fuar ilchríochach isteach i limistéar na Meánmhara i bhfoirm ghaoth bhóra Karst. Fágann gaireacht na farraige, i lár an gheimhridh, gur minic a thagann méadú géar ar an teocht tar éis laethanta gaoithe feanntacha bóra. Gach uair a thiteann sneachta, leánn sé go luath. Bíonn éifeacht mhór ag gaireacht na farraige sa samhradh, nuair is aimsir the gheal is mó a bhíonn ann. Ciallaíonn foirmíocht éagsúil ardchlár Karst agus gar don fharraige go mbíonn gaoth nó leoithne ann i gcónaí, rud a chuireann leibhéal réasúnta íseal bogthaise coibhneasta chun cinn.

Cuireann dálaí nádúrtha an limistéir gheografaigh dálaí fabhracha miocraeráide ar fáil chun feoil a thriomú, dálaí ar bhain daoine áitiúla leas astu ón tseanaimsir. Aimsíonn siad an meascán ceart teochta agus bogthaise trí úsáid a bhaint as seomraí éagsúla sna tithe Karst a bhfuil ballaí tiubha iontu. Aistríonn feirmeoirí pršut (liamhása), panceta (bagún sailleach), vratovina (muineál muiceola), ispíní agus táirgí eile ó sheomra amháin go seomra eile sa chuardach leanúnach ar an meascán ceart bogthaise agus teochta le haghaidh chéimeanna teicneolaíochta aonair an phróisis aibithe. Dá bhrí sin, le himeacht ama, tá forbairt tagtha ar scileanna teicniúla agus ar eolas praiticiúil le taithí agus tá siad bunaithe go buan i measc daoine áitiúla.

Tá an tásc geografach 'Kraška panceta' bunaithe ar thraidisiún an táirgthe agus ar a cáil.

I réigiún Karst, tagann aeráid shéimh na Meánmhara ar aer fuar ilchríochach. Ciallaíonn foirmíocht éagsúil ardchlár Karst agus gar don fharraige go mbíonn gaoth nó leoithne ann i gcónaí, rud a chuireann leibhéal réasúnta íseal bogthaise coibhneasta chun cinn. Leis na dálaí fabhracha triomaithe nádúrtha agus éileamh an mhargaidh, spreagadh daoine áitiúla agus píosaí bagúin á dtáirgeadh acu, chun freastal ar an éileamh sin.

Tá traidisiún an-fhada ag baint le bagún a leasú, rud a taifeadadh chomh fada siar le 1689. Le himeacht ama, tá forbairt tagtha ar scileanna teicniúla le taithí, tá siad bunaithe go buan i measc daoine áitiúla agus tugadh ar aghaidh iad ó ghlúin go glúin. A bhuí lena gcuid oibre, rannchuidigh muintir réigiún Karst le cruth caighdeánach inaitheanta agus tréithe orgánaileipteacha 'Kraška panceta' a tháirgeadh.

Baineann sainiúlacht 'Kraška panceta' leis an ngearradh bagúin dhronuilleogaigh, atá mar chuid den chliabhrach ina bhfuil naoi n-ngearradh easnacha ar a laghad agus cuid den chliathán. Soláthraíonn an gearradh sin an chothromaíocht cheart idir feoil thrua agus saill. Bíonn an bagún trua agus cion íseal saille ann. Saintréith shonrach eile is ea nach n-úsáidtear ach an modh traidisiúnta saillte thirim le salann sáile. Ní úsáidtear aon chóireáil teasa sa chéim thriomaithe/aibithe ach oiread, a dhéantar ag teochtaí faoi bhun 18 °C, rud a chuireann cosc ar aon mheath ar phróitéiní de dheasca teasa. Ar an mbealach sin, caomhnaítear teinne an fhíocháin saille freisin.

Mar aon le faireachán cúramach a dhéanamh ar an gcéim thriomaithe/aibithe, tugann na nósanna imeachta sin a cháilíocht shaintréitheach do 'Kraška panceta', rud a fhágann go bhfuil meas ag tomhaltóirí uirthi agus gur táirge rathúil í ó thaobh na tráchtála de.

Murab ionann agus réigiúin eile sa tSlóivéin, úsáideann muintir Karst sailleadh tirim agus cainníocht mheasartha salainn amháin i gcónaí agus 'Kraška panceta' á táirgeadh acu. I limistéir eile sa tSlóivéin, úsáidtear sáile de ghnáth, nó úsáidtear meascán de shailleadh tirim agus fliuch. Bíonn tionchar mór ag an bpróiseas saillte thirim agus ag an tréimhse réasúnta fada aibithe ag teochtaí measartha íseal ar thréithe orgánaileipteacha saintréitheacha 'Kraška panceta'. A bhuí lena haibíocht agus lena boladh agus blas sainiúil, is speisialtacht ghastranómach í 'Kraška panceta', atá, in éineacht leis an Karst prosciutto (Kraški pršut), ina géarú goile caighdeánach anois ag ócáidí searmanais.

Cuireadh tús le ré nua i dtáirgeadh 'Kraška panceta' in 1977, nuair a thosaigh táirgeoirí ag oibriú aonaid táirgeachta a bhí feistithe le teicneolaíocht speisialta.

Tá fianaise ar cháil 'Kraška panceta' i saothair litríochta éagsúla, i mbróisiúir, i mbileoga eolais, etc. Cuireadh 'Kraška panceta' i láthair i mbileog eolais ceann de na táirgeoirí in 1978. Chuir an Dr Stanislav Renčelj 'Kraška panceta' i láthair sna leabhair *Suhe mesnine narodne posebnosti* (1991), *Kraška kuhinja* (1999), *Suhe mesnine na Slovenskem* (2008) agus *Okusi Krasa* (2009). Chuir an Dr Janez Bogataj (2007) 'Kraška panceta' i láthair mar speisialtacht ghastranómach Shlóivéanach sa leabhar *Okusiti Slovenijo*. Cuireadh i láthair í freisin i roinnt foilseachán bolscaireachta, amhail an foilseachán trítheangach *Do odličnosti za dober okus, Slovenija* (1998) (Bain Barr Feabhais Amach don Gourmet, An tSlóivéin, *Dem Exzellenten Genuß entgegen, Slowenien*), *Edamus, Bibamus, Gaudeamus* (tionscadal Interreg III, 2006), *Kras in Kraške posebnosti* (clár Phare), *Pomlad Kraških dobrot* (tionscadal píolótach Karst, 2001), *Dobrote Krasa in Brkinov* (Bardas Sežana, 2010), etc.

Glacann táirgeoirí 'Kraška panceta' páirt san Aonach Idirnáisiúnta Talmhaíochta agus Bia in Gornja Radgona, áit ar bronnadh gradaim agus duaiseanna móra ar 'Kraška panceta' le 10 mbliana anuas.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.gov.si/assets/ministrstva/MKGP/PODROCJA/HRANA/SHEME-KAKOVOSTI/SPECIFIKACIJE-EVROPSKA-KOMISIJA/KRAPA_potr_sp_febr_26.pdf